C/2024/780

11.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11398 — OAKLEY CAPITAL / 21 INVEST GROUP / PLG)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/780)

1. An 22 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Oakley Sawgrass, ESC atá faoi rialú i Lucsamburg, atá faoi chomhairle Oakley Capital Limited, comhairleoir infheistíochta chomhpháirtí ginearálta agus bhainisteoir cistí Oakley Capital V Master SCSp ("Oakley Capital", An Ríocht Aontaithe),

— 21 Invest Group ("21 Invest", An Iodáil),

— PLG Capital ([2]) ("PLG", An Fhrainc).

Gheobhaidh Oakley Capital agus 21 Invest rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar PLG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Oakley Capital, a bhfuil a cheanncheathrú sa Ríocht Aontaithe, a dhíríonn ar Iarthar na hEorpa. Déanann sé infheistíocht i gcomhlachtaí meánmhargaidh sna hearnálacha lárnacha seo a leanas: seirbhísí gnó, teicneolaíocht, margadh na dtomhaltóirí agus oideachas,

— Tá grúpa 21 Invest déanta suas de 21 Invest S.p.A, a bhfuil a cheanncheathrú san Iodáil, agus a chuid fochuideachtaí sa Fhrainc, san Iodáil agus sa Pholainn. Bainistíonn na fochuideachtaí sin gnólachtaí cothromais phríobháidigh a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí meánmhargaidh i réimse leathan earnálacha,

— Is comhpháirtí rialála agus comhlíonta é PLG, a bhfuil a cheanncheathrú sa Fhrainc, leis na gnólachtaí cógaisíochta, agus soláthraíonn sé seirbhísí seachfhoinsithe freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11398 — OAKLEY CAPITAL / 21 INVEST GROUP / PLG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) De réir lch 139 den Fhógra Comhdhlúite maidir le Dlínse, ní gnóthas lena mbaineann é PLG agus is ar mhaithe le faisnéis amháin a luaitear é.
([3]) IO.C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË